An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Creat chun Fadú Fisiceach a choinneáil sa Seomra Ranga in Iar-Bhunscoileanna le Filleadh Iomlán do Gach Scoláire sa Scoilbhliain 2020/21

## Treochlár don Fhilleadh Iomlán ar an Scoil

27 Iúil 2020

Tá an chomhairle eatramhach sláinte poiblí a sholáthraíonn an Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (HPSC), agus feidhmiú praiticiúil na comhairle seo i scoileanna, mar a léiríonn an treoir a d'fhorbair an Roinn Oideachais, bunaithe ar:

- **An riosca a bhaineann le galar a thabhairt isteach sa scoil a íoslaghdú** trí scoláirí, baill foirne agus cuairteoirí atá tinn a eisiamh
- **An riosca maidir le scaipeadh an ghalair a bhainistiú** leo seo a leanas:
  - Sláinteachas sláinte rialta;
  - Fadú fisiceach a choinneáil;
  - Sláinte riospráide agus béasaíocht casachta a chur i bhfeidhm; agus
  - Sláinteachas comhshaoil.

Tá sé curtha in iúl go soiléir maidir le comhairle sláinte poiblí gur é:

*an chuid is tábhachtaí de bhainistiú rioscaí COVID-19 do scoileanna ná gach rud praiticiúil a dhéanamh chun cosc a chur le COVID-19 a thabhairt isteach sa scoil. Mura dtugtar an galar isteach ní féidir leis scaipeadh.*

Maidir le fadú fisiceach a choinneáil, tá dhá mhórghné ag baint leis na bearta:

*(i)* *Fadú a mhéadú;*

*(ii)* *Idirghníomhaíocht idir na scoláirí féin, idir na scoláirí agus an fhoireann agus i measc na foirne a laghdú nuair a bhíonn siad le chéile;*

Tá sé luaite freisin sa chomhairle sláinte poiblí:

*gur féidir prionsabal an fhadaithe a chur i bhfeidhm go maith sa suíomh scoile, le roinnt solúbthachta ar fáil nuair is gá ach a thuiscint go gcaithfear é a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil, agus tuiscint ann nach féidir an fócas foghlama a bheith faoi smacht ag fócas ar ghné a d'fhéadfadh níos mó dochair ná sochair a chruthú*

Leagtar amach sa chomhairle sláinte poiblí gur cheart fadú fisiceach 1 mhéadar ar a laghad (nó 2 mhéadar más féidir) a choinneáil idir scoláirí agus baill foirne aonair

Aithnítear sa chomhairle sláinte poiblí freisin:

- nach í an chuma céanna a bheidh ar an gcur i bhfeidhm don fhadú fisiceach d'aois raonta agus do chéimeanna foghlama éagsúla;
- gur cheart cúram a ghlacadh gan teannas nó díospóid fhéideartha a chruthú agus go mb'fhéidir go mbeidh gá le roinnt solúbthachta in amanna maidir le cur i bhfeidhm na mbeart;
- nach mbeidh an fhoireann ábalta fadú fisiceach a choinneáil óna scoláirí i gcónaí agus nach cóir go mbeifí ag súil go ndéanfaidís amhlaidh má bhíonn drochthionchar aige seo ar an scoláire nó ar fhoghlaim agus sláinte agus sábháilteacht scoláirí eile. Is cóir bearta a ghlacadh chun dlúth-theagmháil a sheachaint ag leibhéal aghaidh le haghaidh ar nós fanacht ina seasamh seachas suí in aice/cromadh síos.

Maidir le scoileanna a athchóiriú ar bhealach a éascaíonn feidhmiú an chomhairle sláinte poiblí sa seomra ranga, glactar leis nach ionann aon dá shuíomh scoile ó thaobh (i) láthair; (ii) leagan amach fisiceach (iii) an spás atá ar fáil sa scoil; (iv) líon na scoláirí; (v) cumraíocht ranga; soghluaisteacht chuig spás lasmuigh den scoil.

Agus é intuigthe nár chóir a bheith ag brath ar 'aon chur chuige amháin do chách' do na scoileanna go léir, agus gurb iad na scoileanna féin is fearr a dhéanfaidh cinneadh ar an gcumraíocht chuí dá scoil, tá an creat seo a leanas, ina bhfuil sraith beart, á sholáthar mar bhearta a chaithfear a chur i bhfeidhm a mhéid is féidir ag leibhéal scoile aonair:

## 1. Athstruchtúrú spásanna ranga chun an fadú fisiceach a uasmhéadú

Bain aon chófraí, troscán srl. nach bhfuil gá leo chun an spás sa seomra ranga a uasmhéadú.

Ba chóir seomraí a dháileadh bunaithe ar an spás atá ar fáil agus na ranganna is mó sna seomraí is mó.

Féach an féidir limistéar stórais lárnach a sholáthar sa scoil le haghaidh acmhainní múinteoirí a chabhróidh an spás atá ar fáil sa seomra ranga a uasmhéadú.

Cuideoidh réitigh deisce/stórála saincheaptha do mhúinteoirí sna seomraí ranga le socruithe fisiciúla agus is cóir iad a chur ar fáil nuair is gá.

Tá plionta ag roinnt seanscoileanna timpeall ar dheasc an mhúinteora. Uaireanta bíonn an-chuid spáis tógtha ag an bplionta agus is cóir é a bhaint más féidir.

Níor cheart gur sraitheanna amháin a bhíonn sa seomra ranga, ach ba cheart socruithe ar nós trasnáin srl a mheas d’fhonn an spás foghlama atá ar fáil a uasmhéadú don uaslíon scoláirí a bheidh sa seomra sin. Tá leagan amach léiritheach ar fáil anseo mar threoir do scoileanna.

Is cóir scoláirí a lonnú sa seomra ranga céanna a oiread agus is féidir.

Is cóir machnamh a dhéanamh ar shocruithe suíocháin sa rangsheomra bunaidh chun an idirghníomhaíocht idir scoláirí ó ranganna bunaidh éagsúla a íoslaghdú nuair a théann siad chuig a ranganna roghnacha.

2. **Gach spás atá ar fáil sa scoil a úsáid agus a athleagan amach chun fadú fisiceach a uasmhéadú**

Déan athbhreithniú ar úsáid na seomraí agus na limistéir uile sa scoil chun an áitíocht sa scoil a uasmhéadú.

B’fhéidir go gciallódh sé seo úsáid a bhaint as gach spás mór atá ar fáil (ar nós Halla Tionóil, Halla Corpoideachais srl.) chun freastal ar ranganna níos mó.

3. **Athbhreithniú ar Amchláir**

Déan athbhreithniú ar amchláir lena dheimhniú go ndéantar spás agus acmhainní teagaisc atá ar fáil a uasmhéadú a mhéid is féidir (mar shampla, am lóin agus tréimhsí sosa a bheith ag amanna éagsúla más féidir) chun an fáil ar na spásanna sin a uasmhéadú i rith an lae.

4. **Seomraí a Athleagan Amach**

Bain a mhéid úsáide agus is féidir as acmhainní foirne lena n-áirítear aon acmhainní breise a chuireann an Roinn ar fáil mar fhreagairt ar Covid-19, chun na riachtanais don fhadú fisiceach a shásamh do ranganna níos mó m.sh. ranganna níos mó a scoilteadh srl.

Cé go moltar i gcoitinne “teagasc foirne” sa seomra ranga, d’fhéadfadh tionchar a bheith aige seo ar chumas scoile fadú fisiceach a shásamh. Dá bhrí sin, is cóir do scoileanna féachaint an féidir freastal ar riachtanais na scoláirí ar bhealach eile ar nós i ngrúpaí ranga níos lú ar leithligh - go háirithe don scoilbhliain 2020/21.

5. **Féach an bhfuil Sruthú Beo laistigh den Scoil**

   Maidir leis na ranganna níos mó a bhfuil sé deacair freastal orthu ó thaobh cóiríochta, féach an féidir sruthú beo a dhéanamh ar an rang sin go seomra nó spás eile sa scoil. D'fhéadfadh an líon beag scoláirí freastal orthu sa phríomhsheomra ranga, féachaint beo ó sheomra satailíte nó áit eile sa scoil faoi mhaoirseacht mhúinteora. D'fhéadfaí scoláirí a rothlú go cothrom chuig an seomra / limistéar satailíte.

6. **Rochtain ar spásanna atá ar fáil sa phobal áitiúil**

   Féach an féidir spásanna atá ar fáil sa phobal áitiúil a fháil, más indéanta.

Cuireann an tsraith beart thuas creat praiticiúil ar fáil do scoileanna chun fadú fisiceach a choinneáil sa seomra ranga agus scoláirí ag filleadh go hiomlán ar an scoilbhliain nua 2020/21.

I gcúinsí eisceachtúla má tharlaíonn, in ainneoin na mbeart sa chreat thuas a chur i bhfeidhm, nach féidir fadú fisiceach a eagrú do rang níos mó, beidh ar an scoil machnamh ar aghaidh mhaisc / scáthláin a úsáid sa rang. Ba cheart don scoil athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an mbeart eisceachtúil seo, agus ba cheart gach iarracht a dhéanamh i gcónaí teacht ar réiteach eile ag úsáid na mbeart atá leagtha amach ag 1 go 6 thuas.

Caithfear clúdaigh aghaidhe / scáthláin a úsáid i gcás nach féidir an fad 1 mhéadar a shásamh. Mar shampla:

(a) níos mó ná 24 scoláire i seomra ranga 49 méadar cearnach atá glanta go hiomlán
(b) níos mó ná 20 scoláire i seomra ranga 42 méadar cearnach.

Is cóir baill foirne nó scoláirí nach féidir leo clúdaigh aghaidhe nó scáthláin a chaitheamh ar chúiseanna sláinte a chur i seomraí ranga nó in áiteanna eile nuair is féidir. Níor chóir do scoláirí aghaidh mhaisc nó scáthláin a chaitheamh i rith an lae scoile go léir.